



ÚBE/GL/2023/01

---

09.02.2022

---

## Treoirlínite

---

d'údaráis réitigh maidir le foilsiú an tsásra um dhíluacháil agus comhshó agus um malartuithe tarrthála inmheánaí

# 1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

---

## Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010<sup>1</sup>. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na dtreoirlínte a chomhlíonadh.
2. I dtreoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na dtreoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na dtreoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

## Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil na dtreoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoi 05.06.2023. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a sheoladh ar aghaidh agus an tagairt 'ÚBE/GL/2023/01' a scríobh ar an bhfoirm. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

## 2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhíithe

---

### Ábhar

5. Leis an aidhm feabhas a chur ar intuarthacht an tsásra um dhíluacháil agus comhshó agus um malartuithe tarrthála inmheánaí, ar chomhordú éifeachtach pleananna agus ar ghníomhaíochtaí réitigh i gcomhthéacs trasteorann agus chun trédhearcacht agus bearta coimirce maidir le cosaint taisceoirí agus infheisteoirí a chur i bhfeidhm, sonraítear sna treoirlínte seo faisnéis atá le cur ar fáil don phobal ag na húdaráis réitigh maidir leis an gcaoi a gcuirfean an díluacháil agus an comhshó i bhfeidhm, go háirithe i gcomhthéacs na huirlise tarrthála inmheánaí, i gcomhréir le hAirteagail 43 agus 44, 46 go 50 agus 59 go 62 de Threoir 2014/59<sup>2</sup>.

### Raon feidhme

6. Tá feidhm ag na treoirlínte seo i gcomhréir leis an raon feidhme a leagtar amach i dTreoir 2014/59.

### Seolaithe

7. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainítear i bpointe (v) d'Airteagal 4 (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (“údaráis réitigh”).

### Sainmhíithe

8. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna leis na téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir 2014/59/AE (an Treoir um Théarnamh agus Réiteach Bainc) agus i dTreoirlínte ÚBE maidir le hinríteacht a fheabhsú d'institiúidí agus d'údaráis réitigh (Treoirlínte maidir le hInríteacht) faoi Airteagal 15 agus 16 den Treoir<sup>3</sup> sna treoirlínte seo.

---

An sásra um malartuithe

Na céimeanna oibríochtúla is gá chun díluacháil agus comhshó na hionstraime caipitil ábhartha nó úsáid na huirlise tarrthála inmheánaí a fhorghníomhú.

---

<sup>2</sup> Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

<sup>3</sup> ÚBE/GL/2022/01.

---

Ionstraim  
eatramhach

Ionstraim airgeadais a eisítear chun comhshó ó ionstraimí caipitil agus ó dhliteanas ar féidir a tharrtháil go himheánach san ionstraim sin a cheadú mar chéad chéim sa phróiseas tarrthála inmheánaí agus atá ceaptha lena gcomhshó nó lena malartú ina n-ionstraim chinntitheach tar éis luacháil chinntitheach, urrús cothromais i bhformhór na gcásanna.

---

---

## 3. Cur chun feidhme

---

### An dáta cuir chun feidhme

9. Beidh feidhm leis na treoirlínte ón 1 Eanáir 2024.

## 4. Treoirlínte d'údaráis réitigh maidir le foilsiú an tsásra um dhíluacháil agus comhshó agus um malartuithe tarrthála inmheánaí

---

### 4.1 Foilsiú an tsásra um malartuithe

10. Ba cheart do na húdaráis réitigh tuairisc ardleibhéil ar a gcur chuige a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i leith fhorghníomhú dhíluacháil agus chomhshó na n-ionstraimí caipitil agus na ndlíteanas ar féidir a tharrtháil go himheánach (“Tuairisc ar an Sásra um Malartuithe”) lena gcuirfí san áireamh gach gné de, ó na céimeanna tosaigh go forghníomhú críochnaitheach an tsásra um malartuithe, agus lena n-áireofaí aon choigeartuithe cinntitheacha luachála ex post, i gcás inarb infheidhme.
11. Ba cheart go n-áireofaí sa Tuairisc ar an Sásra um Malartuithe an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:
  - a. Sainaitheint agus tuairisc ar ról na ngeallsealbhóirí a bheidh rannpháirteach i nós imeachta an tsásra um Malartuithe, lena n-áirítear taisclanna lárnacha urrús,



bainisteoir speisialta féideartha<sup>4</sup>, údaráis ábhartha um margaí agus, i gcás inarb ábhartha, aon chomhairleoir malartuithe a bheidh le ceapadh ag an údarás réitigh chun tacú le forghníomhú an tsásra um malartuithe. Ba cheart go mbeadh a gcuid sonraí teagmhála san áireamh leis an tuairisc, i gcás inar féidir.

- b. Cur chuige maidir le scor nó fionraí trádála agus díliostú nó baint ionstraimí ó na hionaid trádála.
- c. Tuairisc shoiléir ar fheidhmiú na hionstraime eatramhaí féideartha, más ann di.
- d. Cur síos ar ionstraimí ábhartha a dhíluacháil agus a chealú, lena n-áirítear réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann chun déileáil le hionstraimí nár socraíodh a n-idirbhearta go fóill (“idirbhearta le linn eitilte”).
- e. Tuairisc mhionsonraithe, bíodh is gur táscach í, ar an nós imeachta um chomhshó, lena n-áireofaí ionstraimí nua a sheachadadh i gcás inarb ábhartha, ina bhféadfaí tagairt a dhéanamh do cheann amháin díobh seo a leanas:
  - a. Ionstraimí nó dliteanais arna bhfortarrtháil a chomhshó go cothromas nua (“comhshó díreach”);
  - b. Ionstraimí nó dliteanais arna bhfortarrtháil lena mbaineann ionstraimí eatramhacha a chomhshó;
  - c. meascán den dá rud.
- f. Cur chuige chun aghaidh a thabhairt ar dhifríoctaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir luacháil chinntitheach agus luacháil shealadach, amhail cúiteamh i gcás ró-chomhshóite.
- g. Cur chuige chun déileáil le haon scaireanna codánacha.
- h. Amlíne mhionsonraithe, bíodh is gur táscach í, chun na céimeanna thuas a bhaint amach, agus idirdhealú iomchuí á dhéanamh idir:
  - a. an timthriall pleanála réitigh,
  - b. cur chun feidhme an chinnidh réitigh,
  - c. an tréimhse ina gcuirtear an sásra um malartuithe chun feidhme; agus
  - d. deireadh an nós imeachta réitigh.

---

<sup>4</sup> Má cheaptar é, i gcomhréir le hAirteagal 35 de Threoir 2014/59/AE.



- i. Teimpléid tháscacha nó príomhghnéithe na n-ionstraimí dlí atá le húsáid chun tarrtháil inmheánach a chur chun feidhme go foirmiúil, i gcás ina bhfuil siad ar fáil.
12. Sa Tuairisc ar an Sásra um Malartuithe, ba cheart a lua go bhféadfadh forghníomhú iarbhír na nósanna imeachta um dhíluacháil agus comhshó a bheith éagsúil leis an gceann a leagtar amach sa Tuairisc sin.
13. Ba cheart do na húdaráis réitigh an Tuairisc ar an Sásra um Malartuithe a thabhairt cothrom le dáta, i gcás ina n-athraíonn siad a gcur chuige. Sa Tuairisc ar an Sásra um Malartuithe, ba chóir a lua go soiléir gur doiciméad beo é ar a d'fhéadfaí a nuashonrú tráth ar bith.